


Co-funded by the European Union

# Treoirnótaí ar an bhFíseán 'Beo's Bioeconomy Sing-Along'

## Clár


**Beo's Bioeconomy Sing-Along** **2**
**Sula mbreathnaíonn tú...** **2**
Eolas Bunúsach faoin mBithgheilleagar 2
Iniúchadh a dhéanamh ar Idircheangailteacht 3
Réamheolas faoin Amhrán 3
**Agus tú ag breathnú...** **3**
Éisteacht Ghníomhach 3
Rannpháirtíocht Amharic 3
Rannpháirtíocht Idirghníomhach 4
**Tar éis duit breathnú...** **4**
Plé agus Machnamh 4
Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha: 4
Tionscadal Ealaíne: 4
Rólghlacadh: 4
Gníomhaíochtaí Breise 4
Siúlóid Dúlra: 5
Tionscadal Garraíodóireachta: 5
Ábhar Spriocdhírithe: Flóra & Fána san Amhrán BioBeo 5
Crainn 5
Plandaí Gairdín Inite 5
Beacha 6
An Cnádán 6
An tSnáthaid Mhór 7
Measúnú 7

## **'Beo's Bioeconomy Sing-Along'** - (Aoiseanna: 4-12, inoiriúnaithe)



Beo's Bioeconomy Sing-Along

# Sula mbreathnaíonn tú…

## Eolas Bunúsach faoin mBithgheilleagar

Tosaigh le plé a dhéanamh ar choincheap an bhithgheilleagair. An bhfuil mórán eolais ag na páistí air? Cad atá ar eolas acu? D'fhéadfá tosú ansin le coincheap an bhithgheilleagair a mhíniú do na páistí más gá. Déan plé leo ar an gcaoi a úsáidtear acmhainní nádúrtha cosúil le plandaí, ainmhithe agus miocrorgánaigh le bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh gan dochar a dhéanamh don phláinéid agus ar bhealach i bhfad níos inbhuanaithe. Cuir béim ar thábhacht na hinbhuanaitheachta agus na ciorclaíochta sna próisis seo.

## Iniúchadh a dhéanamh ar Idircheangailteacht

Déan plé ar an gcoincheap go bhfuil gach gné den dúlra idircheangailte. Déan plé ar an gcaoi a imríonn gníomhartha i gcuid amháin den éiceachóras tionchar ar chodanna eile de. Bain úsáid as samplaí simplí ar nós an bealach a phailníonn beacha bláthanna, rud a fhágann go bhfásann torthaí agus glasraí. Tóg túr cártaí i ngrúpaí. Má thiteann cárta amháin, cad a tharlaíonn do na cinn eile?

## Réamheolas faoin Amhrán

Ullmhaigh na páistí don amhrán le plé a dhéanamh ar na timpeallachtaí éagsúla a luaitear ann: foraoisí, locháin, agus gairdíní. Labhair faoi na plandaí agus na hainmhithe a chónaíonn sna ceantair seo agus na róil atá acu san éiceachóras. Cruthaigh léarscáil intinne ag baint úsáide as mentimeter.com.

# Agus tú ag breathnú…

## Éisteacht Ghníomhach

Iarr ar na páistí éisteacht go cúramach le liricí an amhráin. Fiafraigh díobh na heilimintí éagsúla den dúlra a luaitear a aithint agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ceangailte le chéile.

## Rannpháirtíocht Amhairc

Agus na daltaí ag breathnú ar an bhfíseán, cuir in iúl dóibh na léaráidí a léiríonn na timpeallachtaí éagsúla agus na hainmhithe a chónaíonn iontu.

Leag béim ar an gcaoi a bhfreagraíonn na híomhánna do na liricí, rud a threisíonn teachtaireacht na hidircheangailteachta. B’fhéidir go mba mhaith leis na páistí nótaí a ghlacadh de na heilimintí a théann i bhfeidhm orthu.

## Rannpháirtíocht Idirghníomhach

Iarr ar na páistí canadh in éineacht leis an amhrán, ag baint úsáide as gluaiseachtaí simplí láimhe nó bualadh bos len iad a spreagadh níos mó. Is féidir leis an gcur chuige seo cabhrú leis na coincheapa atá á gcur i láthair a threisiú ar bhealach spraíúil agus idirghníomhach.

# Tar éis duit breathnú...

## Plé agus Machnamh

Treoraigh plé faoi théamaí an amhráin. Fiafraigh de na páistí céard a d'fhoghlaim siad faoin mbithgheilleagar agus faoin idircheangailteacht. Spreag iad lena gcuid smaointe agus mothúchán faoin amhrán a roinnt.

## Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha:

### Tionscadal Ealaíne:

Iarr ar na páistí colláis nó pictiúr a chruthú a léiríonn éiceachóras bithgheilleagair, ag cur san áireamh eilimintí geall le plandaí, ainmhithe agus daoine ag obair le chéile.

### Rólghlacadh:

Eagraigh gníomhaíocht rólghlacadh ina ndéanann páistí aithris ar chodanna éagsúla den éiceachóras. Léirigh na bealaí a chuireann gach comhpháirt leis an iomlán.

## Gníomhaíochtaí Breise

### Siúlóid Dúlra:

Téigh ar shiúlóid dúlra leis na páistí le breathnú ar idircheangailteacht an chomhshaoil áitiúil. Spreag iad le diriú ar an gcaoi a idirghníomhaíonn eilimintí éagsúla an dúlra.

Scríobh amhrán bunaithe ar na breathnuithe, grianghraif agus pictiúir atá acu óna gcuid ama sa dúlra.

### Tionscadal Garraíodóireachta:

Cuir tús le gairdín beag i gclós na scoile, rud a ligeann do na páistí plandaí éagsúla a phlandáil agus aire a thabhairt dóibh. Pléigh an ch a chuireann na plandaí seo leis an éiceachóras áitiúil agus leis an mbithgheilleagar.

## Ábhar Spriocdhírithe: Flóra & Fána san Amhrán BioBeo

### Crainn

*“Anáil isteach an ocsaigin ó na crainn, na crainn…”*

*“Breathe in the oxygen from the trees…”*

**Príomhchoincheap:** Táirgeann crainn ocsaigin trí fhótaisintéis agus imríonn siad ról ríthábhachtach i rialáil aeráide agus i mbithéagsúlacht.

**Naisc Churaclaim:** Eolaíocht (Na Rudaí Beo, Feasacht Chomhshaoil); Tíreolaíocht (Timpeallachtaí Nádúrtha)

**Gníomhaíocht:** Déan turgnamh eolaíochta simplí ar ‘análú i bplandaí’. Cuir i ngloine uisce dhá dhuilleog atá díreach tar éis titim ar an talamh. Cuir duilleog dhonn i ngloine eile in aice láimhe. Coinnigh na duilleoga síos le clocha beaga. Breathnaigh ar an uisce timpeall na nduilleog ar feadh na chéad chúpla uair an chloig eile. Bí ag faire amach do bholgáin ocsaigine a thagann ó na duilleoga. Iarr ar na páistí tuar a thabhairt ar a tharlóidh do na duilleoga glasa i gcomparáid leis an duilleog dhonn. Iarr orthu cén fáth?

### Plandaí Gairdín Inite

*“We plant an edible garden… sow the seeds and watch them grow”*

**Príomhchoincheap:** Tacaíonn plandaí inite le cothú an duine agus leis an mbithéagsúlacht (pailneoirí, sláinte cré).

**Naisc Churaclaim:** Eolaíocht (Plandaí & Rudaí Beo), OSPS (Maireachtáil Shláintiúil), Tíreolaíocht (Daoine agus an Comhshaol)

**Gníomhaíocht:** Fás glasraí nó luibheanna a fhásann go tapa (m.sh. leitís, raidis, basil) sa rang nó amuigh faoin aer. Déan taifead ar an bhfás i ndialann plandaí. Déan ceapairí nó sailéid tar éis cúpla seachtain.

## Beacha

*"Food for the bees and for you and me"*

**Príomhchoincheap:** Is pailneoirí riachtanacha iad beacha agus tá siad ríthábhachtach i dtaca le táirgeadh bia. Tá rioscaí éiceolaíocha ag baint lena meath.

**Curriculum Links:** Eolaíocht (Gnáthóga, Bithéagsúlacht), OSPS, Tíreolaíocht

**Gníomhaíocht:** Make bee-friendly seed bombs or plant wildflowers. Observe pollinators in the school garden and record findings. Use the Draíocht Dara publication from Cogg.ie for a beautiful seed bomb lesson plan in Irish.

Cruthaigh buamaí síl atá neamhdhíobhálach do bheacha nó cuir bláthanna fiáine. Breathnaigh ar phailneoirí i ngairdín na scoile agus déan taifead ar na torthaí. Bain úsáid as an foilseachán álainn Draíocht Dara ó Cogg.ie le haghaidh plean ceachta i nGaeilge do bhuama síl.

https://mural.maynoothuniversity.ie/id/eprint/16684/1/MaireNicAnBhairdDraíocht%20Dara2021.pdf

## An Cnádán

*"A natterjack toad..."*

**Príomhchoincheap:** Is speiceas neamhchoitianta faoi chosaint é an Cnádán in Éirinn. Maireann siad i ngnáthóga gainmheacha cósta agus i locháin éadomhaine.

**Naisc Churaclaim:** Eolaíocht (Gnáthóga & Caomhnú); Tíreolaíocht (Daoine agus Áiteanna, Cúram don Chomhshaol)

**Gníomhaíocht:** Tarraing léarscáil de na háiteanna in Éirinn ina bhfuil cónaí ar an gcnádán. Déan plé ar an bhfáth a bhfuil siad i mbaol agus ar an mbrí atá le caomhnú. Cruthaigh cnádán i gcré agus péinteáil iad agus iad tirim. Cuir ar taispeáint iad timpeall na scoile agus cur cártaí eolais leo mar dheis foghlamha do ranganna eile.

## An tSnáthaid Mhór

*"...and the dragonfly! O fly dragonfly!"*

**Príomhchoincheap:** Má tá snáthaid mhór ina cónaí ann léiríonn sé sin go bhfuil gnáthóg fionnuisce sláintiúl ann. Tosaíonn siad a saol mar nimfeacha uisceacha.

**Naisc Churaclaim:** Eolaíocht (Timthriallta Saoil, Gnáthóga), Tíreolaíocht (Timpeallachtaí Uiscebhunaithe).

**Gníomhaíocht:** Create the life cycle of a dragonfly using drawings or clay or bright luminous paints. Visit a pond and observe insect life (if safe and supervised). Submit your observations to www.biodiversityireland.ie and become citizen scientists!

Cruthaigh saolré na snáthaide móire ag baint úsáide as líníochtaí nó cré nó péinteanna geala lonrúla. Tabhair cuairt ar lochán agus breathnaigh ar shaol na bhfeithidí (má tá sé sábháilte agus má duine fásta in éindí leat). Cuir isteach do bhreathnuithe chuig www.biodiversityireland.ie agus bí i d'eolaí saoránach!

## Measúnú

**Breathnóireacht:** Déan monatóireacht ar rannpháirtíocht na bpáistí le linn plé agus gníomhaíochtaí lena dtuiscint ar na coincheapa a mheas.

**Obair Chruthaitheach:** Déan meastóireacht ar thionscadail ealaíne agus ar ghníomhaíochtaí rólghlacadh na bpáistí le tomhais a dhéanamh ar a dtuiscint agus ar a gcumas na coincheapa a chur i bhfeidhm.

**Machnamh:** Déan athbhreithniú ar machnaimh agus ar aiseolas na bpáistí lena nasic phearsanta le téamaí an amhráin a mheas.

Trí na treoirnótaí seo a leanúint, is féidir le hoideoirí úsáid éifeachtach a bhaint as físeán 'BioBeo' seo le múineadh do pháistí faoin mbithgheilleagar agus faoi idircheangailteacht an nádúir ar bhealach atá mealltach agus taitneamhach.